Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2021
(OR. en)

8195/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0225(CNS)**

RECH 175
COMPET 291
IND 102
MI 286
EDUC 142
TELECOM 164
ENER 142
ENV 260
REGIO 55
AGRI 191
TRANS 241
SAN 245
CADREFIN 199
SUSTDEV 52

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE<br>– Glacadh |

1. I mí an Mheithimh 2018, thíolaic an Coimisiún Eorpach a thogra le haghaidh an phacáiste Fís Eorpach, lena n-áirítear an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach agus an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach[1]. Bhí an togra le haghaidh an Chláir Shonraigh bunaithe ar Airteagal 173(3) agus Airteagal 182(4).

[1] 9870/18 + ADD 1

2. Cheap Parlaimint na hEorpa an Feisire Christian EHLER (EPP) mar rapóirtéir ar an gClár Sonrach. Vótáil Parlaimint na hEorpa ar a tuarascáil ag an suí iomlánach an 12 Nollaig 2018. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[2], agus thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 8-10 Deireadh Fómhair[3].

3. Thug an Chomhairle Iomaíochais aghaidh ar mhórcheisteanna a bhaineann leis an togra le haghaidh an Chláir Shonraigh ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Meán Fómhair 2018 agus chuir sí treoir pholaitiúil ar fáil maidir le bunús dlí an togra sin a athrú in Airteagal 182(4) CFAE amháin[4]. Dearbhaíodh an treoir sin ag na cruinnithe a bhí ag an gComhairle an 30 Samhain 2018 agus an 19 Feabhra 2019.

4. An 9 Aibreán 2019 bhí malartú tuairimí ag an gComhairle, ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gCoimisiún maidir leis an modhnú atá beartaithe a dhéanamh ar bhunús dlí an Chláir Shonraigh, i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, mír 25[5]. Sa chomhthéacs sin, chloígh na trí institiúid le hAirteagal 182(4) CFAE mar bhunús dlí iomchuí don Chlár Sonrach.

5. An 15 Aibreán 2019, ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta páirteach maidir leis an gClár Sonrach[6]. Dhá lá ina dhiaidh sin, sheol an Chomhairle litir chuig Parlaimint na hEorpa ag iarraidh uirthi a tuairim a thabhairt de réir an nós imeachta reachtaigh speisialta. An 17 Aibreán 2019, vótáil Parlaimint na hEorpa ar a rún reachtach maidir leis an gClár Sonrach[7] bunaithe ar a bhunúis dlí bhunaidh ach d'aontaigh sí an bunús dlí a oiriúnú ag céim níos déanaí den nós imeachta.

---

[2] 13758/18 (clúdaítear leis an tuairim an Clár Réime agus an Clár Sonrach araon).
[3] 13759/18 (clúdaítear leis an tuairim an Clár Réime agus an Clár Sonrach araon).
[4] Féach tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle: 11422/18
[5] 8551/19
[6] 7911/1/19 REV 1
[7] P8_TA(2019)0396

6. An 4 Meitheamh 2020, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra leasaithe maidir leis an gClár Sonrach lena gcuirfí cistiú ar fáil ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (Next Generation EU – NGEU) d'Fhís Eorpach[8]. An 18 Meitheamh 2020, i bhfianaise an togra leasaithe sin, chuir an Chomhairle an dara litir chuig Parlaimint na hEorpa, ag iarraidh a tuairim bunaithe ar an nós imeachta reachtach speisialta a thíolacadh tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair 2020.

7. An 29 Meán Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Iomaíochais cur chuige ginearálta páirteach maidir leis an gClár Sonrach[9].

8. An 27 Eanáir 2021, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe téacs athbhreithnithe den Chlár Sonrach d'fhonn an t-athbhreithniú dlítheangeolaíoch a sheoladh[10].

9. I litir dar dáta an 25 Feabhra 2021, chuir an Chomhairle síneadh leis an spriocdháta le haghaidh comhairliúcháin le Parlaimint na hEorpa ag iarraidh a tuairim a thíolacadh faoin 30 Aibreán 2021 mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an gClár Sonrach a ghlacadh.

10. An 28 Aibreán 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim maidir leis an gClár Sonrach[11].

11. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE, mar a leagtar amach in 8967/20, mar mhír 'A' ar chlár oibre cruinniú de chuid na Comhairle a bheidh ann amach anseo;

   – cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an doiciméad thuasluaite a ghlacadh, más rud é, i ngeall ar na cúinsí a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh cruinniú ar bith ag an gComhairle roimh an 10 Bealtaine 2021.

12. Tá ráiteas ón gCoimisiún leagtha amach in ADD 1 a ghabhann leis an nóta seo.

---

8 8555/20
9 11256/20
10 5370/21
11 P9_TA(2021)0125